Preaseisiúint FRA
Vín/An Bhruiséil, 4 Nollaig 2018

# An tsaoirse chun roghnú agus an tsaoirse chun cinneadh ag daoine faoi mhíchumas

**I measc na réaltachtaí a bhaineann le maireachtáil neamhspleách nach iontach linn ná áit chónaithe a roghnú, daoine chun cónaí leo a roghnú, an bia a ithimid a roghnú agus an uair chun an bia a ithe a roghnú. Ach maidir le daoine faoi mhíchumas, is minic a bhíonn an teoiric agus an cleachtas an-éagsúil ar fad, rud atá léirithe sa tuarascáil is déanaí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Fiosraítear inti cad a éascaíonn agus cad a chuireann bac ar an bhfeachtas i gcomhair maireachtáil neamhspleách sa phobal do dhaoine faoi mhíchumas.**

"*Rugtar gach duine saor agus ba chóir go mbeadh an ceart acu roghnú agus cinneadh conas a mhaireann siad*" a deir Stiúrthóir FRA Michael O'Flaherty. "*Trí dhaoine faoi mhíchumas a chumhachtú chun bheith ina mbaill iomlána agus neamhspleácha den phobal, bíonn a gcearta iomlána agus páirt ghníomhach sa tsochaí acu.*"

Léirítear sa tuarascáil 'Ó institiúidí go dtí maireachtáil sa phobal do dhaoine faoi mhíchumas: Dearcthaí ón talamh' éispéiris na ndaoine sin atá páirteach go díreach san aistriú go dtí maireachtáil neamhspleách. Áirítear leis seo daoine faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh.

Léirítear inti an creat dlíthiúil láidir san AE agus sna Ballstáit chun tacú leis an aistriú seo, amhail Coinbhinsiún Míchumais na Náisiún Aontaithe (CRPD) agus an Chairt um Chearta Bunúsacha de chuid an AE, agus gealltanais le déanaí, amhail an Colún Eorpach um Chearta Sóisialta.

Mar sin féin, mar gheall ar an easpa seirbhísí tacaíochta atá ar fáil agus atá inacmhainne, stiogma agus idirdhealú leanúnach, agus timpeallachtaí neamh-inrochtana, déantar daoine faoi mhíchumas a bhacadh i ndáil lena gcearta dlíthiúla a bhaint amach go hiomlán. Léirítear sa tuarascáil bealaí chun dul i ngleic leis seo, amhail na nithe seo a leanas:

- Ba cheart do gach Ballstát a áirithiú go bhfuil spriocanna soiléire agus spriocdhátaí soiléire ann le maoiniú leordhóthanach, lena n-áirítear cistí AE, chun daoine faoi mhíchumas a chumasú maireachtáil go neamhspleách sa phobal.
- Ba cheart don AE agus a Bhallstáit feasacht a ardú ar na buntáistí a bhaineann le maireachtáil neamhspleách, lena n-áirítear trí scéalta pearsanta a úsáid chun an t-athrú dearfach ar dhearcthaí i leith dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.
- Ba cheart do na Ballstáit gach iarracht a chomhordú chun tacú le seirbhísí le haghaidh maireachtáil neamhspleách agus chun na seirbhísí sin a sholáthar. Áirítear leis seo páirt iomlán a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus d'eagraíochtaí tosaigh maidir le cinnteoireacht agus le cruthú beartas.
- Ba cheart do na Ballstáit treoir phraiticiúil agus oiliúint a chur ar fáil maidir leis an mbealach is fearr maireachtáil neamhspleách a bhaint amach.

- Ba cheart do na Ballstáit sainseirbhísí a chur ar fáil agus rochtain a thabhairt ar sheirbhísí ginearálta chun freastal ar an raon leathan riachtanas atá ag daoine faoi mhíchumas. Cuimsítear leis seo na scileanna atá ag teastáil a chur ar a gcumas chun maireachtáil go neamhspleách.

Baineann an tuarascáil úsáid as obair allamuigh sa Bhulgáir, san Fhionlainn, in Éirinn, san Iodáil agus sa tSlóvaic. Ach, an tuiscint ar an méid a oibríonn agus an méid nach n-oibríonn, agus na cúiseanna leis sin, baineann sé sin leis na Ballstáit go léir.

**Le scéalta pearsanta, grafaic faisnéise, cás-staidéir náisiúnta agus eile a fháil, féach ar an bpacáiste d'iriseoirí nó téigh i dteagmháil le:** media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642